Tuarascáil ar Chonairí Iompair Inbhuanaithe



Infheistiú i dTodhchaí Inbhuanaithe do Chorcaigh atá Níos Fearr Fós

# Tosaíonn Sí Anois le BusConnects

Aibreán 2022

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

BUS CONNECTS CORK
SUSTAINABLE TRANSPORT FOR A BETTER CITY.


R&H HALL

# Clár Ábhar


| | | |
|---|---|---|
| **1.** | **Infheistiú i dTodhchaí Chorcaí** | **2** |
| 1.1 | Bunathrú Chorcaí chun Feabhais | 2 |
| 1.2 | Acmhainneacht Fáis Chorcaí a Chumasú | 2 |
| **2.** | **Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí: An tIompar Poiblí i gCorcaigh a Athshamhlú** | **4** |
| 2.1 | An t-iompar a chur i gcroílár na físe do Chorcaigh | 4 |
| 2.2 | BusConnects Chorcaí – Infheistiú i dTodhchaí Chorcaí | 6 |
| 2.3 | Conairí Iompair Inbhuanaithe | 11 |
| **3.** | **Na Deiseanna a Thiocfaidh as BusConnects Chorcaí** | **13** |
| 3.1 | Infheistíocht i mBunathrú Chorcaí chun Feabhais | 13 |
| 3.2 | Infheistíocht Isteach agus Daoine Cumasacha a Mhealladh | 13 |
| 3.3 | An tIompar a Mhéadú le hais Daonra a Bhíonn ag Méadú | 13 |
| 3.4 | Tírdhreach an Iompair i gCorcaigh a Athrú | 14 |
| 3.5 | Dlús a chur leis an aistear i dtreo todhchaí aeráidneodrach | 15 |
| 3.6 | Nascacht agus Inrochtaineacht a Mhéadú | 15 |
| **4.** | **Tús Eolais ar Thionscadal na gConairí Iompair Inbhuanaithe** | **16** |
| 4.1 | Forbhreathnú | 16 |
| 4.2 | An Leagan Amach Bóthair Féideartha | 17 |
| **5.** | **Tairbhí Thionscadal na gConairí Iompair Inbhuanaithe** | **19** |
| 5.1 | Agaí Turais Bus Níos Fearr | 19 |
| 5.2 | Timpeallacht Níos Fearr do Rothaithe | 19 |
| 5.3 | Saoráidí Níos Fearr do Choisithe | 19 |
| 5.4 | Cathair Inbhuanaithe Inchónaithe | 20 |
| 5.5 | Tacú leis an nGeilleagar | 20 |
| **6.** | **Deiseanna a Chruthú le linn aghaidh a thabhairt ar dhúshláin fhéideartha** | **24** |
| 6.1 | Forbhreathnú | 24 |
| 6.2 | Athruithe ar an nGluaiseacht Tráchta chun feabhas a chur ar na Roghanna Iompair Inbhuanaithe | 24 |
| 6.3 | An Fhéidearthacht go bhFaighfí Codanna de Ghairdíní mar Éadáil | 26 |
| 6.4 | Chun siúl agus rothaíocht a éascú ar shlí níos fearr, laghdófar an líon Spásanna Páirceála ar an tSráid | 26 |
| 6.5 | Athchur crann chun baint fhéideartha roinnt crann atá ann cheana a fhritháireamh | 26 |
| 6.6 | Oibreacha Bóthair agus Láithreáin Tógála | 27 |
| 6.7 | Infheistiú in Athnuachan Uirbeach agus i Saoráidí do Choisithe a Mhéadú | 29 |
| 6.8 | Fóraim Phobail | 29 |
| **7.** | **Amlíne** | **31** |
| **8.** | **Na Chéad Chéimeanna Eile** | **32** |
| **9.** | **Aguisín – Léarscáileanna Sealadacha Bealaigh agus Eochairfhíricí** | **34** |

# 1. Infheistiú i dTodhchaí Chorcaí

## 1.1 Bunathrú Chorcaí chun Feabhais

Tá ré nua bunathraithe chun feabhais le feiceáil i gCathair Chorcaí agus sna limistéir mórthimpeall. Trí fhorbairtí nua lena dtacaítear le cruthú post agus lena dtapaítear deiseanna an gheilleagair ghlais agus trí thionscnaimh chultúrtha nua lena nasctar pobail, tá Cathair Chorcaí ag neartú a stádais mar chathair Eorpach atá á roghnú le haghaidh infheistíocht isteach agus turasóireachta.

Tá bunathrú cheathrú mheánaoiseach na cathrach chun feabhais ar cheann den líon mór tionscadal atá á ndéanamh i gceann de na cathracha is gasta fás san Eoraip. Tá an tionscadal á mhaoiniú faoi Chiste an Rialtais um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach. Is é an toradh a bheidh air ná go nascfar Sráid an Chapaill Bhuí agus sraith lánaí agus sráideanna stairiúla le cainéal theas na Laoi agus le croílimistéar gnó lár na cathrach.

Is é atá i dTionscadal Cheantar Dugaí Chathair Chorcaí ná tionscadal bunathraitheach eile lena spreagfar infheistíocht shuntasach i saoráidí nua áineasa, cónaithe, tráchtála agus cultúrtha ar bhruach aitheanta na Laoi, ar dá mbarr a bheidh Corcaigh ina háit níos beoga fós chun obair, cónaí agus infheistiú ann agus chun cuairt a thabhairt air.

A bhuí leis an Ionad Imeachtaí 6,000 suíochán atá á fhorbairt ar láithreán Beamish and Crawford, mar aon leis an infheistíocht mhéadaitheach atá á déanamh ag an earnáil phríobháideach sa chathair, beifear in ann tuilleadh leasa a bhaint as acmhainneacht fiontraíochta agus chultúrtha Chorcaí.

Breathnaímid ar na tionscnaimh athghiniúna sin mar thionscnaimh atá ag tógáil ar mhóiminteam an athraithe atá ag leathadh ar fud na cathrach.

## 1.2 Acmhainneacht Fáis Chorcaí a Chumasú

Is eol dúinn go réamh-mheastar go méadóidh an chathair faoi 50-60% thar an bhfiche bliain romhainn. Má táimid chun leas iomlán a bhaint as an deis seo le Corcaigh a fhorbairt, ar deis í nach bhfacthas a leithéid riamh, beidh sé ríthábhachtach go ndéanfaí infheistíocht san iompar poiblí sa chathair, sna bruachbhailte agus i mbailte an chontae. Is é atá i gcóras iompair phoiblí atá glan, nua-aimseartha agus iontaofa ná comhpháirt ríthábhachtach d'fhás inbhuanaithe Chorcaí mar chathair Eorpach atá dinimiciúil, nasctha agus iomaíoch ón taobh idirnáisiúnta de a chumasú.




STOP

# 2. Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí: An tIompar Poiblí i gCorcaigh a Athshamhlú

Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair (an tÚdarás) tiomanta d'acmhainneacht fáis Chorcaí a chumasú agus dá todhchaí a athshamhlú. Is é sin an fáth a bhfuil an tÚdarás ag obair i gcomhpháirt le Comhairle Cathrach Chorcaí, le Comhairle Contae Chorcaí, le hIarnród Éireann agus le Bonneagar Iompair Éireann chun Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Foilsíodh Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí sa bhliain 2019. Leis an Straitéis, soláthrófar gréasán inrochtana comhtháite iompair lena gcumasófar fás inbhuanaithe Limistéar Cathrach Chorcaí mar réigiún cathrach Eorpach atá dinimiciúil, nasctha agus iomaíoch ón taobh idirnáisiúnta de.


Tá sé mar aidhm le Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí cathair inchothaithe agus pobail inchónaithe a chruthú trí dheis a thabhairt do gach duine le rochtain a fháil ar roghanna iompair phoiblí inbhuanaithe agus ar bhonneagar rothaíochta agus siúil atá i bhfad níos fearr.

## 2.1 An t-iompar a chur i gcroílár na físe do Chorcaigh

Leagtar amach i Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí fís uaillmhianach go soláthrófaí gréasán inrochtana comhtháite iompair lena gcumasófaí fás inbhuanaithe Limistéar Cathrach Chorcaí mar réigiún cathrach Eorpach atá dinimiciúil, nasctha agus iomaíoch ón taobh idirnáisiúnta de.

Tá cur chun feidhme Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí ag teacht le creat beartais náisiúnta leathan, ag tacú dó le forbairt réigiúnach, le fás geilleagrach, le gníomhú ar son na haeráide agus le hinfheistíocht in iompar inbhuanaithe. Áirítear leis an gcreat sin:

- An Plean Forbartha Náisiúnta 2021–2030
- An Plean Gnímh don Aeráid 2021
- An Creat Náisiúnta Pleanála 2040
- An Beartas Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe
- Éire a Nascadh














## Ciallaíonn Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí:


Infheistíocht is fiú na billiúin Euro san iompar i Limistéar Cathrach Chorcaí thar an bhfiche bliain atá romhainn, rud lena soláthrófar:



- Córas bus atá bunathraithe chun feabhais – BusConnects Chorcaí




- Gréasán cuimsitheach rothaíochta lena soláthrófar saoráidí sábháilte rothaíochta ar fud an réigiúin




- Naisc bóithre éagsúla nua agus feabhsuithe éagsúla bóithre móide soláthar páirceála agus taistil



- Córas iarnróid comaitéireachta níos fearr – Clár Iarnróid Comaitéireachta Chorcaí



- Líne iarnróid éadroim nua soir-siar – Luas Chorcaí



- Saoráidí breisithe do choisithe

Is é an toradh a bheidh ar Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí ná gur d'iompar poiblí, de rothar nó de shiúl na gcos a thógfar breis agus leath na dturas uile a thógfar ag buaic-am na maidine a luaithe a chuirfear an Straitéis i gcrích. Is ionann an figiúr reatha agus 33%.

## 2.2 BusConnects Chorcaí – Infheistiú i dTodhchaí Chorcaí

Chun cabhrú le Cathair Chorcaí agus le Contae Chorcaí an fhís seo don todhchaí a bhaint amach go hiomlán, tá an tÚdarás ag beartú infheistíocht is fiú leathbhilliún Euro a dhéanamh chun Conairí Iompair Inbhuanaithe a fhorbairt, agus bóithre agus sráideanna tábhachtacha á n-athchóiriú go hiomlán chun feabhas a chur ar an soláthar do bhusanna, do rothaithe agus do choisithe, mar phríomh-chomhpháirt de BusConnects Chorcaí.

I gcás mhuintir Chorcaí, is é an toradh a bheidh ar an infheistíocht sin ná go mbeidh nascacht níos mó acu leis an bhfostaíocht, leis an oideachas, le baill teaghlaigh agus cairde, leis an miondíol agus le creatlach mhéadaitheach shóisialta agus chultúrtha an réigiúin.

Cabhróidh sé sin leis an gcathair a spriocanna aeráide a bhaint amach, éirí níos inbhuanaithe, rannchuidiú leis an ngeilleagar a fhás, inrochtaineacht a fheabhsú agus agaí turais sa chathair a laghdú go mór.


Is é is BusConnects ann ná clár an Údaráis Náisiúnta Iompair a bhfuil mar aidhm leis feabhas a chur ar sheirbhísí bus i limistéir chathrach in Éirinn. Beidh infheistíocht €600m i gceist le BusConnects Chorcaí. Áirítear leis naoi mbeart lena mbunathrófar córas bus Chorcaí chun feabhais, rud a fhágfaidh go mbeidh an t-iompar poiblí níos úsáidí do níos mó daoine.

A bhuí le BusConnects Chorcaí, breiseofar cumas agus acmhainn an chórais iompair phoiblí. Leis an tionscadal, tacófar le córas iompair phoiblí atá íseal ar charbón agus athléimneach ó thaobh na haeráide de a sholáthar, agus cuirfear feabhas mór ar rochtain ar phoist agus ar oideachas. Beidh ról lárnach ag an tionscadal freisin maidir le feabhas a chur ar an ríocht phoiblí agus ar lár na cathrach agus maidir leis na limistéir sin a athghiniúint.





THE COURTYARD


## Cuspóirí




**Cumas agus acmhainn an chórais iompair phoiblí a bhreisiú** trí fheabhas a chur ar luasanna, iontaofacht agus poncúlacht bus ach lánaí bus a sholáthar agus bearta eile a dhéanamh ar mhaithe le tosaíocht a thabhairt do ghluaiseacht bus in ionad gluaiseachtaí tráchta ghinearálta



**Tacú le seirbhís iompair phoiblí atá éifeachtúil, íseal ar charbón agus athléimneach ó thaobh na haeráide de a sholáthar,** ar seirbhís í a thacaíonn le spriocanna laghdaithe astaíochtaí na hÉireann a bhaint amach



**Feabhas a chur ar an rochtain ar phoist, ar oideachas agus ar dheiseanna sóisialta agus eacnamaíocha eile** trí nascacht inbhuanaithe fheabhsaithe agus comhtháthú inbhuanaithe feabhsaithe a sholáthar le seirbhísí eile iompair phoiblí



**An acmhainn rothaíochta a bhreisiú trí bhonneagar sábháilte a sholáthar le haghaidh rothaíochta,** agus é leithscartha ón trácht ginearálta nuair is féidir



**Fás dlúth, deiseanna athghiniúna agus úsáid níos éifeachtaí talún i gCorcaigh a chumasú** do ghlúine an ama atá i láthair agus an ama atá le teacht trí ghréasáin iompair inbhuanaithe atá sábháilte agus éifeachtúil a sholáthar



**A chinntiú go mbreithneofar an ríocht phoiblí go cúramach le linn** an bonneagar iompair a dhearadh agus a fhorbairt agus féachaint le feabhas a chur ar phríomhphointí fócasacha uirbeacha nuair is cuí agus is indéanta



208
Bus Éireann
WHERE WE SEE INJUSTICE WE STAND UP
WE ACT
TFI TRANSPORT FOR IRELAND
VOLVO
11048 TAXI
207
Bus Éireann
eason

Tá sé mar aidhm le BusConnects Chorcaí athchóiriú a dhéanamh ar an gcóras reatha iompair i Limistéar Cathrach Chorcaí trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

1. Gréasán **conairí iompair inbhuanaithe nua** a thógáil
2. **An gréasán bealaí bus a athdhearadh go hiomlán**
3. **Córas ticéadaithe úrscothach nua**
4. Córas **íocaíochta gan airgead tirim a chur chun feidhme**
5. **An córas táillí a athchóiriú go hiomlán**
6. **Libhré nua bus**
7. **Stadanna nua bus** a bhfuil comharthaí níos fearr agus faisnéis níos fearr acu
8. **Láithreacha nua** Páirceála agus Taistil ag príomhláithreacha
9. Aistriú chuig **flít busanna astaíochtaí nialasacha**

Tá roinnt de na tionscnaimh ar siúl cheana féin. Áirítear leo sin **athdhearadh an Ghréasáin Bus** i Limistéar Cathrach Chorcaí, rud ar seoladh dhá bhabhta comhairliúcháin phoiblí ina leith le linn na bliana 2021. Is mar bhonn do Ghréasán Bus Athdheartha Deiridh a úsáidfear an t-aiseolas a fuair an tÚdarás le linn na gcomhairliúchán sin. I gcomhar le Jarret Walker and Associates agus le Bus Éireann, tá sé beartaithe ag an Údarás Gréasán Bus Athdheartha Deiridh do Chorcaigh a fhoilsiú i lár na bliana 2022, ar gréasán é a chuirfear chun feidhme le linn na bliana 2023/2024.

Mar thoradh ar **an gcóras táillí a athstruchtúrú** trí tháille nua 90 nóiméad a thabhairt isteach, cumasófar do phaisinéirí roinnt turas a thógáil de mhodhanna éagsúla iompair laistigh de thréimhse 90 nóiméad óna chéile gan aon íocaíocht bhreise a dhéanamh. Bunchloch eile de chlár BusConnects is ea an flít busanna díosail a aistriú ina bhfeithiclí lánleictreacha astaíochtaí nialasacha. Tá an t-aistriú sin ar siúl cheana féin i mórchathracha na hÉireann, agus tá na chéad bhusanna lánleictreacha do Chorcaigh le soláthar sa bhliain 2023.

## 2.3 Conairí Iompair Inbhuanaithe

Tá conairí iompair inbhuanaithe ina gcuid ríthábhachtach de chuspóirí na straitéise iompair ar fhorbair an tÚdarás, Bonneagar Iompair Éireann, Comhairle Cathrach Chorcaí agus Comhairle Contae Chorcaí í a chomhlíonadh agus den chlár oibreacha BusConnects a chur i gcrích. Trí infheistíocht bheartaithe a dhéanamh, is féidir leis sin an méid a úsáidtear agus a sholáthraítear seirbhísí bus ar fud Chorcaí a mhéadú tuilleadh.

Gnéithe eile de na conairí iompair inbhuanaithe atá beartaithe a bheidh i mbonneagar nua rothaíochta agus siúil agus a bheidh i bhfeabhas a chur ar an tosaíocht bus ar shráideanna agus bóithre i gCorcaigh. A bhuí leis na conairí nua, méadófar an líon daoine a bheidh ag taisteal de shiúl na gcos agus de rothar chun na hoibre nó chun an choláiste, chun dul ag siopadóireacht nó chun bualadh le cairde, agus feabhas ó bhonn á chur acu ar iontaofacht agus minicíocht na seirbhísí bus ar fud na cathrach.

Maidir leis an méadú beartaithe i seirbhísí bus agus leis an laghdú in agaí comaitéireachta tríd an iompar poiblí, rachaidh siad chun tairbhe do chéatadán suntasach de dhaonra Chorcaí ach ní éireoidh go hiomlán leo mura gcuirtear conairí iompair inbhuanaithe i bhfeidhm. Is é an toradh a bheidh ar thosaíocht bus a chur chun feidhme feadh na gconairí sin ná go gcinnteofar nach mbeidh busanna á moilliú ag an trácht ginearálta.

Is léir nach leor na bearta tosaíochta bus atá ann cheana ar fud Chathair Chorcaí chun freastal ar na riachtanais atá ag daonra a bhíonn ag méadú. Níl ach 14 km de lánaí bus á soláthar faoi láthair. Áirítear leis na conairí iompair inbhuanaithe atá beartaithe thart ar 75 km de lánaí bus nua, atá i bhfad níos mó ná an soláthar reatha.


Keanes
FELCA
SWISS WATCHES
70 YEARS
Keanes
LOADING BAY
Saville
CORK
LIVE MUSIC
TONIGHT
LUSH

# 3. Na Deiseanna a Thiocfaidh as BusConnects Chorcaí

## 3.1 Infheistíocht i mBunathrú Chorcaí chun Feabhais

Mar thoradh ar an gcóras iompair phoiblí i gCorcaigh a bhunathrú chun feabhais, fágfaidh BusConnects, mar aon le hinfheistíocht shuntasach eile i mbonneagar iompair, go mbeidh Corcaigh chun tosaigh ar áiteanna eile in Éirinn agus san Eoraip ó thaobh an iompair phoiblí inbhuanaithe de. Beidh sí ar cheann de na cathracha is fearr nasc in Éirinn agus, a bhuí le tabhairt isteach na táille 90 nóiméad a fhágfaidh go mbeidh rochtain ag daoine ar bheagnach gach cuid den limistéar cathrach ach táille aonair a íoc, beidh sí ar cheann de na cathracha is inacmhainne sa tír ó thaobh an iompair phoiblí de.

## 3.2 Infheistíocht Isteach agus Daoine Cumasacha a Mhealladh

Tá ag Corcaigh dea-theist go dtí seo maidir le hinfheistíocht isteach agus daoine ríchumasacha a mhealladh chun na cathrach, rud a chruthaigh éiceachóras nuálaíochta atá faoi bhláth agus atá ag cabhrú le gnólachtaí nuathionscanta a chothú sa réigiún.

Mar sin féin, d’fhéadfadh plódú méadaithe agus an easpa rochtana ar iompar poiblí bac a chur ar tharraingteacht na cathrach mar áit chun infheistiú, obair agus cónaí ann. Is féidir le BusConnects Chorcaí cabhrú lena chinntiú go bhfanfaidh Corcaigh ina háit tharraingteach d’infheistíocht isteach agus do dhaoine cumasacha ón tír seo agus ó thíortha eile. Trí fheabhas a chur ar an rochtain ar an gcathair agus trí naisc nua a chruthú idir áiteanna foghlama agus áiteanna oibre, is féidir le Corcaigh leanúint le barr feabhais a bhaint amach mar mhol le haghaidh infheistíochta, comhoibrithe agus nuálaíochta go ceann na mblianta.


## 3.3 An tIompar a Mhéadú le hais Daonra a Bhíonn ag Méadú

Imríonn Cathair Chorcaí ról lárnach mar mhór-lárionad réigiúnach ó thaobh fostaíochta, oideachais, miondíola agus fóillíochta de do limistéar geografach mór. Meastar go dtiocfaidh méadú idir 50% agus 60% ar dhaonra Chorcaí san fhiche bliain atá le teacht. Tá an fás sin ar cheann de na príomhchúiseanna ar forbraíodh Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí agus a bhfuil sé beartaithe infheistíocht €600m a dhéanamh in BusConnects Chorcaí.

Tá an phátrúnacht iompair phoiblí i gCorcaigh ag fás cheana féin ar ráta atá níos gasta ná mar atá sí in áit ar bith eile in Éirinn. Tháinig méadú 51% ar an líon turas a tógadh ar ghréasán bus Chorcaí idir an bhliain 2013 agus an bhliain 2019, ar figiúr é a sháraigh fás an limistéar ó thaobh an daonra, na fostaíochta agus na seirbhíse bus de sa tréimhse sin. Is léiriú é sin go mbíonn an t-éileamh ar sheirbhísí bus ag méadú go mear i measc comaitéirí i gCorcaigh agus go dteastaíonn bonneagar nua-aimseartha chun freastal ar an méadú sin as seo amach.

Is é an toradh a bheidh ar ardphátrúnacht iompair phoiblí ná go gcuirfear ar chumas Chathair Chorcaí cathair Eorpach inbhuanaithe a dhéanamh di féin agus go gcabhrófar le fórsa oibre óg, soghluaiste agus oilte a mhealladh trí fhreastal ar na riachtanais agus na héilimh atá ag cónaitheoirí agus oibrithe nua. Toradh eile a bheidh uirthi is ea cur le fás sna hearnálacha turasóireachta agus fáilteachais, gnólachtaí nua a mhealladh agus nascacht a mhéadú ar fud na cathrach agus an chontae araon.

## 3.4 Tírdhreach an Iompair i gCorcaigh a Athrú




Gabhann le BusConnects Chorcaí an deis chun an tslí a dtaistealaíonn daoine sa chathair agus sna bailte mórthimpeall a bhunathrú chun feabhais go mór. Go dtí le déanaí, bhí spleáchas díréireach ann ar an gcarr príobháideach i gCorcaigh, áit nach raibh ag an iompar poiblí agus ag an rothaíocht ach sciar comhcheangailte iomlán 6% de na 820,000 turas a thógtar gach lá le linn na seachtaine sa limistéar cathrach.

Bíonn plódú suntasach i limistéar Chathair Chorcaí ag teacht as an leibhéal spleáchais reatha ar an gcarr príobháideach. Más féidir aon sciar de na 74% de na turais a thógtar de charr príobháideach a aistriú ina dturais den iompar poiblí nó de rothar, tiocfaidh laghdú suntasach ar phlódú i gCathair Chorcaí.

Tá sé mar aidhm le BusConnects Chorcaí an córas bus a bhunathrú chun feabhais chun go n-éireoidh sé ina rogha inmharthana do níos mó daoine, rud lena laghdófar an spleáchas ar an gcarr príobháideach agus lena méadófar an líon daoine a bheidh ag taisteal de mhodhanna inbhuanaithe iompair timpeall na cathrach.

Is é an toradh a bheidh ar an tslí a dtaistealaíonn muintir Chorcaí a bhunathrú chun feabhais agus ar phlódú a laghdú ná go gcuirfear feabhas ar cháilíocht na beatha do chónaitheoirí, do chomaitéirí, do rothaithe agus do choisithe, agus tá fianaise ann go ndéanann sé sin difear dearfach do ghníomhaíocht gheilleagrach agus d’fhás geilleagrach i gcathracha.

Níl ach 14 km de lánaí bus le fáil i gCathair Chorcaí faoi láthair. Fágann sé sin go mbíonn busanna san iomaíocht ar son spáis le trácht ginearálta ar feadh na coda is mó dá dturais agus go ndéanann na leibhéil mhéadaitheacha phlódaithe difear dóibh freisin. Mar thoradh air sin, bíonn tionchar méadaitheach an phlódaithe ag baint den chuspóir atá ann go mbeadh turais bhus gasta, iontaofa agus intuartha agus, dá bharr sin, bítear ag cur ina luí ar dhaoine gan iompar poiblí a úsáid. Tairgeann BusConnects Chorcaí réiteach trí mhéid na tosaíochta tiomnaithe bus sa chathair a mhéadú ó 14 km go 75 km.

Is é an córas bus an phríomh-chomhpháirt den réiteach chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb reatha an phlódaithe agus chun freastal ar na riachtanais iompair a bheidh ann i gCorcaigh sa todhchaí. Mar gheall ar a chumhdach réigiúnach agus ar a sholúbthacht, tá an córas bus ar an bpríomh-mhodh iompair phoiblí d’fhormhór na ndaoine ar fud Chorcaí agus leanfaidh sé le bheith ar an bpríomh-mhodh iompair phoiblí dóibh. Cnámh droma seirbhísí iompair phoiblí is ea é, agus iompraíonn an córas bus i bhfad níos mó paisinéirí ná iad sin a iompraítear ar an gcóras iarnróid. Agus conairí tiomnaithe bus agus rothaíochta air, cabhróidh an córas bus le haghaidh a thabhairt ar phlódú agus cuirfidh sé feabhas ar inrochtaineacht do chách.

## 3.5 Dlús a chur leis an aistear i dtreo todhchaí aeráidneodrach

Tosaíocht náisiúnta is ea dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide. Is é atá in BusConnects Chorcaí ná deis chun rannchuidiú go mór leis an gcuspóir sin a bhaint amach.

Faoin Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, ní mór astaíochtaí a laghdú faoi 51% faoin mbliain 2030, rud a réiteodh an bealach le haghaidh cás glanastaíochtaí nialasacha a bhaint amach faoin mbliain 2050. Déanfaidh an earnáil iompair a cuid féin maidir leis na spriocanna sin a chomhlíonadh. Trí dhaoine a aistriú ó charranna chuig modhanna iompair inbhuanaithe, cabhrófar le dlús a chur leis an aistear i dtreo todhchaí aeráidneodrach.

Le BusConnects Chorcaí, freastalófar ar phaisinéirí an ama atá i láthair agus an ama atá le teacht ar shlí a bheidh níos inbhuanaithe agus níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol. Cuid ríthábhachtach de dhul i ngleic leis an athrú aeráide is ea an gá le carranna príobháideacha a laghdú agus níos mó daoine a aistriú chuig iompar poiblí agus chuig rothaíocht. De bhreis air sin, is amhlaidh, mar chuid de BusConnects Chorcaí, a aistreofar an flít busanna cathrach ar fad ina bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha faoin mbliain 2032.

## 3.6 Nascacht agus Inrochtaineacht a Mhéadú

Toradh eile a bheidh ar BusConnects Chorcaí is ea go soláthrófar saoráidí cómhalartaithe níos fearr le Gréasán Iarnróid Fo-uirbeach Chorcaí, leis an ngréasán beartaithe Iarnróid Éadroim agus leis na seirbhísí beartaithe Páirceála agus Taistil. A bhuí le saoráidí cómhalartaithe níos fearr, cumasófar do thuilleadh daoine taisteal chuig tuilleadh áiteanna agus an méid sin a dhéanamh ar shlí níos gasta agus níos éasca i gcomparáid leis an scéal faoi láthair, bíodh siad ag aistriú ó thraein go bus nó ag aistriú ó rothar go bus.

Maidir leis na saoráidí nua páirceála agus taistil atá beartaithe faoi Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí, cabhróidh siad le tuilleadh daoine a mhealladh isteach ar an mbus agus leis an bhfáil ar an gcóras iompair phoiblí a mhéadú do dhaoine laistigh de lár na cathrach agus lasmuigh de araon.

# 4. Tús Eolais ar Thionscadal na gConairí Iompair Inbhuanaithe

## 4.1 Forbhreathnú




Sa chuid seo de chlár BusConnects Chorcaí, dírítear ar sholáthar a dhéanamh ar na conairí iompair inbhuanaithe a theastaíonn chun an córas bus a chur ag obair ar shlí éifeachtúil, iontaofa agus phoncúil agus ar sholáthar a dhéanamh ar na saoráidí rothaíochta a theastaíonn chun tuilleadh daoine a chumasú chun taisteal de rothar seachas de charr.

Is é atá i gceist leis na tograí ná infheistiú i gConairí Iompair Inbhuanaithe a mbeidh tosaíocht leanúnach bus acu – is é atá i gceist léi sin sa chuid is mó de chásanna ná go mbeidh lána leanúnach bus ann i ngach treo, cé go n-úsáidtear socruithe eile i láithreacha srianta. Cuirfidh sé sin deireadh leis na moilleanna a tharlaíonn sa chóras bus faoi láthair, agus a éireoidh níos measa de réir mar a mhéadaíonn plódú, agus cumasóidh sé do bhusanna na mílte paisinéirí a iompar ar shlí ina mbeidh tuilleadh cinnteachta ag paisinéirí maidir leis an am a bhainfidh siad a gceann scríbe amach.

Tá sé beartaithe againn raonta leithscartha rothar a sholáthar i ngach treo feadh na gconairí sin, agus iad scartha chomh fada agus is féidir ó thrácht ginearálta. I limistéir inar féidir go mbeidh deacracht ag baint leis sin, tá sé beartaithe againn raonta rothar as líne a sholáthar, áit a rachaidh raon rothar amach ón gCroíchonair Iompair Inbhuanaithe agus isteach ar bhóthar níos ciúine nó ar rotharbhealach saintógtha sula bhfillfidh sé ar an gconair.

Le linn na tograí a fhorbairt, tá aird á tabhairt ar na patrúin athraitheacha iompair atá ag teacht chun cinn agus ar na dúshláin agus na deiseanna a thiocfaidh chun cinn i gCorcaigh thar na blianta fada atá romhainn. I réamh-mheastacháin ar a mbeidh i ndán do Chorcaigh mura gcuirtear BusConnects Chorcaí chun feidhme, léirítear go soiléir go leanfaidh agaí turais bus le méadú agus go n-éireoidh iontaofacht fhoriomlán bus in olcas de réir mar a théann an plódú tráchta níos measa. Leagtar amach sna rannáin seo a leanas na pleananna atá i bhfeidhm chun feabhas mór a chur ar an eispéireas taistil d'úsáideoirí bus agus do rothaithe.






## 4.2 An Leagan Amach Bóthair Féideartha

Chun na Conairí Iompair Inbhuanaithe a chruthú, beidh sé riachtanach athruithe ar na leaganacha amach bóthair atá ann cheana a dhearadh agus a thógáil. Leis an dearadh nua, éascófar cosáin fheabhsaithe, raonta leithscartha rothar, nuair is féidir, agus lánaí tiomnaithe bus chun na busanna a bhaint den phlódú. Tá sampla de leagan amach bóthair le feiceáil thíos. Ní féidir an leagan amach sin a thabhairt isteach ach i limistéir áirithe, áfach.

San Aguisín a ghabhann leis an doiciméad seo, léirítear léarscáileanna sealadacha bealaigh le haghaidh an dá Chonair Iompair Inbhuanaithe déag agus na raonta rothar atá beartaithe. Ar na léarscáileanna sin, léirítear togra coincheapa sealadach le haghaidh gach ceann de na conairí, mar aon le roinnt de na príomhthairbhí a bhaineann leis an gconair ar leith.

Is táscach amháin ag an am seo atá gach ceann de na bealaí agus na roghanna. Tabharfar faoi mhéid fairsing comhairliúcháin phoiblí i ndáil leis na tograí seo agus is dóigh go gcuirfear na mionchoigeartuithe agus na hathruithe éagsúla ar áireamh de réir mar a dhéantar dul chun cinn ar an teagmháil agus idirphlé sin leis an bpobal.




206
Bus Éireann
VWD 415
Students, save yourself the hassle.
Ditch the coins and SAVE 30% on single fares.
Bus Éireann
Transport for Ireland
206 South Mall

# 5. Tairbhí Thionscadal na gConairí Iompair Inbhuanaithe

A bhuí leis na Conairí Iompair Inbhuanaithe atá á mbeartú chun fís Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí a bhaint amach, tabharfar roinnt tairbhí a mbeidh tionchar forleathan acu ar gach modh iompair i gCorcaigh.

## 5.1 Agaí Turais Bus Níos Fearr

Trí fheabhas a chur ar na bóithre agus ar an mbonneagar ar a n-oibríonn seirbhísí bus, is é an toradh deiridh a bheidh ar BusConnects Chorcaí ná córas bus i bhfad níos éifeachtúla a bhaint amach do Chorcaigh. Trí fheabhas a chur ar an tosaíocht bus ar fud na cathrach, laghdófar agaí turais agus éireoidh agaí turais i bhfad níos intuartha.

Is córas bus an-iontaofa é córas ina soláthraítear agaí turais a éiríonn níos gasta agus níos intuartha i gcónaí. A bhuí leis an iontaofacht mhéadaithe sin, beidh an t-iompar poiblí i gCorcaigh níos tarraingtí do thuilleadh daoine agus éireoidh an soláthar tiománaithe agus busanna do sheirbhísí bus níos cuíchóirithe.

Is féidir na coigiltí féideartha aga turais do gach Conair Iompair Inbhuanaithe a fheiceáil sna Léarscáileanna san Aguisín a ghabhann leis an doiciméad seo.

## 5.2 Timpeallacht Níos Fearr do Rothaithe

Tá i bhfad níos mó i gceist le BusConnects Chorcaí ná infheistíocht i mbusanna agus i lánaí bus amháin. Go deimhin, is é an toradh a bheidh ar an bplean seo ná saoráidí rothaíochta a bhfuil géarghá leo a sholáthar agus cur lena éasca, lena shábháilte agus lena tharraingtí atá sé rothaíocht a dhéanamh ar fud réigiún Chathair Chorcaí.

Ní thógtar de rothar ach 1% de na 803,000 turas a thógtar i Limistéar Cathrach Chorcaí ar mheánlá le linn na seachtaine. Toisc shuntasach taobh thiar den líon íseal rothaithe is ea an easpa bonneagair shábháilte rothaíochta atá ar fáil. Dá réir sin, tá sé mar aidhm le Tionscadal na gConairí Iompair Inbhuanaithe an scéal sin a fheabhsú go mór trí ghréasán lánaí rothar agus raonta rothar a thógáil, ar gréasán é a bheidh ina chroílár de ghréasán rothaíochta an réigiúin.

Is ionann na mór-Chonairí Iompair Inbhuanaithe ar fud an limistéir cathrach agus na príomhartairí rothaíochta freisin. Agus na bóithre sin á n-athchumrú lena n-úsáid mar lánaí bus, beidh deis ann an bonneagar rothaíochta a bhunathrú chun feabhais ag an am céanna.

Ar gach ceann den 12 Chonair Iompair Inbhuanaithe, is é an cuspóir atá againn infheistiú i saoráidí rothaíochta atá ar ardchaighdeán agus atá leithscartha ó na lánaí bus agus ó lánaí tráchta ghinearálta, a mhéid is indéanta, agus iad a sholáthar. Tógfar níos mó ná 54 km de raonta/lánaí rothar nó cuirfear feabhas ar na lánaí atá ann cheana. Rachaidh gréasán rothaíochta níos fearr chun tairbhe do gach úsáideoir iompair. Fágfaidh sé nach gá do rothaithe lánaí tráchta ghinearálta ná lánaí bus a chomhroinnt le busanna agus cuirfidh sé deireadh le cuid mhór de na coinbhleachtaí a bhíonn ann idir an trácht ginearálta, busanna agus rothaithe.

Is ionann na Conairí Iompair Inbhuanaithe atá á mbeartú sa Tuarascáil seo agus conairí atá ina mbealaí tábhachtacha rothaíochta chuig lár na cathrach. Croílár de ghréasán rothaíochta an réigiúin a bheidh sa bhonneagar rothaíochta a sholáthrófar faoin gclár seo, agus bunathrú radacach á dhéanamh ar shaoráidí rothaíochta i gCorcaigh ag an am céanna.

## 5.3 Saoráidí Níos Fearr do Choisithe

Ábhar imní ina lán limistéar le cúpla bliain anuas is ea na saoráidí atá ar fáil do choisithe i gCorcaigh. Tá sé mar chomhpháirt lárnach de thionscadal na gConairí Iompair Inbhuanaithe leas a bhaint as an deis uathúil seo chun timpeallacht níos fearr a

chruthú do choisithe le linn dúinn feabhas a chur ar chonairí. Beidh sé mar aidhm ar leith againn cosáin nua a sholáthar i limistéir ina bhfuil siad in easnamh faoi láthair, feabhas a chur ar cháilíocht na gcosán agus na dtrasrianta coisithe agus saoráidí coisithe a leathnú ag acomhail. Cuirfimid feabhas ar lárionaid thábhachtacha áitiúla freisin trí fheabhsuithe ar an ríocht phoiblí, lena n-áireofar saoráidí breise tírdhreachaithe agus amuigh faoin spéir.


## 5.4 Cathair Inbhuanaithe Inchónaithe

Is é atá i gceist le BusConnects Chorcaí ná iompar inbhuanaithe a dhéanamh ina rogha níos fearr agus níos inrochtana. Trí sheirbhís bus atá ar ardchaighdeán, minic agus iontaofa a sholáthar, agus trí fheabhas a chur ar an mbonneagar rothaíochta agus coisithe, is féidir linn Corcaigh a dhéanamh ina háit níos tarraingtí chun cónaí agus obair ann agus chun cuairt a thabhairt air. Trí dhaoine a aistriú ar shiúl ón gcarr agus i dtreo busanna, rothar agus cosán, laghdófar plódú i gCorcaigh agus éireoidh sí níos neamhdhíobhálaí don aeráid. Beifear in ann tuilleadh codanna den réigiún a rochtain tríd an iompar poiblí. Ag gach céim den phróiseas deartha, déanfar breithniú cúramach ar chuimsiú daoine a bhfuil riachtanais bhreise acu. Agus iompar poiblí atá éifeachtach agus inrochtana ann, cumasófar do gach duine, beag beann ar aois agus ar chumas, barr a gcumais a bhaint amach agus páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí.

## 5.5 Tacú leis an nGeilleagar

Tá córas dea-fheidhmiúil iompair phoiblí ina bhunriachtanas d’aon limistéar ceannchathartha atá ag iarraidh cuid mhór deiseanna fostaíochta a sholáthar dá mhuintir sa todhchaí. Tá roinnt sársheirbhísí bus agus iarnróid ann i gCorcaigh. Má tá sí chun barr a cumais a bhaint amach mar chathair is gasta fás in Éirinn agus leanúint leis na poist is fearr agus na fostóirí is fearr a mhealladh, áfach, beidh orainn córas iompair a fhorbairt lena bhfreastalófar ar na riachtanais atá ag réigiún atá i mbéal mearfhorbartha.

Trí lánaí tiomnaithe bus agus saoráidí rothaíochta níos sábháilte a chruthú, éireoidh turais de bhus nó de rothar níos caoithiúla, níos tarraingtí agus níos iontaofa. Fágfaidh sé sin go mbeidh daoine in ann turais a phleanáil go muiníneach, agus Corcaigh ag éirí níos tarraingtí d’fhostóirí. Dá bharr sin, méadófar gníomhaíocht gheilleagrach agus athghinfear an chathair. Beidh sé níos éasca do dhaoine dul amach sa chathair agus taitneamh a bhaint aisti agus as gach ní atá ar fáil inti freisin, rud a rachaidh chun tairbhe do ghnólachtaí i lár na cathrach agus níos faide i gcéin.




PORT OF CORK




An 12
# Chonair Iompair Inbhuanaithe atá beartaithe

- (A) Dún Citil go dtí an Chathair
- (B) Baile na mBocht go dtí an Chathair
- (C) An Linn Dubh go dtí an Chathair
- (D) Cnoc an Chuilinn go dtí an Chathair
- (E) Baile an Chollaigh go dtí an Chathair
- (F) Baile an Easpaig go dtí an Chathair
- (G) An Tóchar go dtí an Chathair
- (H) Bóthar an Aerfoirt go dtí an Chathair
- (I) Cnoc Maryborough go dtí an Chathair
- (J) Machain go dtí an Chathair
- (K) Bóthar Chionn tSáile go Dúglas
- (L) Tobar Rí an Domhnaigh go Cnoc an Chuilinn

——— Conair Iompair Inbhuanaithe

........ Saoráidí Malartacha Rothaíochta


AN BHLARNA
BAILE AN CHOLLAIGH
GLEANN MAGHA
TEAMHAIR
CLOCH REO
CARRAIG RUACHÁIN
AN SRÁIDBHAILE THIAR
LOCH CHLAIS AN GHAINIMH
CNOC NA HAOINE
CNOC AN CHOILINN
GARRÁN NA MBRÁTHAR
PÁIRC NA HEAGLAISE
AN LINN DUBH
FEARANN
CNOC BHAILE ÁTHA CLIATH
BAILE UÍ MHAOLÁIN
BAILE NA MBOCHT
MONTENOTTE
LÁR NA CATHRACH
AN SEANDÚN
DEARGMHÓIN
CEANTAR NA NDUGAÍ
BAILE AN TEAMPAILL
AN DÚCHARRAIG
MACHAIN
BAILE AN LOCHA
AN CNOCÁN GLAS
AN LOCH
BAILE FÉITHEÁN
WILTON
BAILE AN EASPAIG
ARD AN RÓISTIGH
AN TÓCHAR
DÚGLAS
GORT PHROINSIAS
AN GHRÁINSEACH
MARYBOROUGH
BAILE AN RÓISTIGH
AN GARRAÍ DUBH
LEHENAGHMORE
DOMHNACH BROC
MUINE GUAIRE
SRUTHÁN NA SAILEACH
N20
N22
N40
N71
N27
N28
R639

# 6. Deiseanna a Chruthú le linn aghaidh a thabhairt ar dhúshláin fhéideartha

## 6.1 Forbhreathnú

Tá sé bunriachtanach, ar mhaithe le forbairt na cathrach, go n-infheisteofaí san iompar poiblí i gCorcaigh. Gabhann roinnt dúshlán leis sin, áfach. Chun bonneagar iompair inbhuanaithe ar an tsráid a fhorbairt agus chun infheistiú in athnuachan uirbeach, is gá aird a thabhairt ar a lán éileamh a thagann salach ar a chéile agus ar gá aghaidh a thabhairt orthu ar shlí chothromaithe réadúil. Ní eisceacht í Corcaigh ina leith sin toisc gur bunaíodh an chathair chomh fada siar is an 6ú haois. Cé gur cathair cheannchathartha nua-aimseartha í sa lá atá inniu ann, is ann fós do mhórán seancheathrúna atá comhdhéanta de shráideanna atá cúng agus casta agus atá ag iarraidh níos plódaithe. Is sráideanna cnocacha a bhfuil grádáin ghéara acu iad an-chuid de na sráideanna sin, go háirithe iad sin atá ar an taobh thuaidh den Laoi. Is ann do mhórán sráideanna a bhfuil cosáin chúnga acu nó nach bhfuil aon chosáin acu. Baineann dúshláin atá suntasach agus insáraithe araon lena uathúla atá roinnt mhaith codanna den chathair agus le teorainneacha leis an spás fisiciúil ar féidir obair leis i ndáil leis an leibhéal riachtanach tosaíochta bus agus soláthair rothaíochta a sholáthar.

Mar sin féin, tá an tÚdarás tiomanta do leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhpháirt le Comhairle Cathrach Chorcaí chun ceann ar bith de thionchair fhéideartha na hoibre bonneagair a mhaolú agus chun a chinntiú go réadófar an infheistíocht €600 milliún sin i gCorcaigh.

Tá taithí shuntasach ag an Údarás ar bhonneagar bus agus rothaíochta a dhearadh agus, rud tábhachtach, ar theagmháil fhairsing a dhéanamh le pobail, cónaitheoirí agus gnólachtaí an limistéir áitiúil. Is maith is eol dúinn na saincheisteanna agus na hábhair imní a d'fhéadfaí a tharraingt anuas maidir leis an tionchar a bheidh ag aon athrú ar an leagan amach bóthair, le codanna de ghairdíní a bheith á gcailleadh, le páirceáil agus le crainn. Is ar mhaithe le roghanna iompair níos inbhuanaithe a bhaint amach do dhaoine agus le haghaidh a thabhairt ar ghéarchéim na haeráide atá na cinntí uile a dhéanann an tÚdarás. Dá bhrí sin, déanaimid ár ndícheall na tionchair dhóchúla a laghdú agus, nuair is féidir, réitigh mhalartacha a aimsiú.

Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ar dóigh dóibh teacht aníos, beidh daoine i ngach limistéar den chathair in ann leas a bhaint as rochtain mhéadaithe ar phoist, ar an oideachas agus ar sheirbhísí bunriachtanacha eile. Bainfidh pobail tairbhe as bonneagar siúil agus rothaíochta níos leithne agus as athnuachan uirbeach, agus bainfidh gnólachtaí leas as nascacht níos fearr chun na daoine is cumasaí a mhealladh chun na cathrach.

## 6.2 Athruithe ar an nGluaiseacht Tráchta chun feabhas a chur ar na Roghanna Iompair Inbhuanaithe

### Breithniúcháin:

Mar thoradh ar níos mó spáis agus tosaíochta a chruthú do bhusanna agus do rothaíocht, beidh athruithe ann ar an dóigh reatha a ngluaiseann carranna príobháideacha timpeall na sráideanna. D'fhéadfadh go dtiontófaí roinnt bóithre ina mbóithre aontreo, tabharfar codanna nua do bhusanna amháin isteach agus, i roinnt áiteanna, beidh ar an trácht ginearálta bealaí nua isteach sa chathair agus amach aisti a ghlacadh. Maidir leis na rotharbhealaí breise a thógfar, beidh siad leithscartha ón trácht feithiclí den chuid is mó. Chomh maith leis sin, déanfar trasrianta coisithe


50
km/h

a chur le roinnt limistéar agus a aistriú isteach iontu. Beidh sé riachtanach na rotharbhealaí sin a sholáthar feadh na gcroíchonairí seo chun na tairbhí fíora a bhaineann leis an rothaíocht sa chathair a ghiniúint.

### An Tionchar Féideartha a Laghdú agus a Chothromú:

I gcás go ndéanfar an trácht a chur ar mhalairt slí agus a chur ar atreo, soláthrófar comharthaí leordhóthanacha agus marcanna leordhóthanacha bóthair chun go mbeidh daoine in ann a mbealach a aimsiú. Coinneofar rochtain ar gach réadmhaoin ar bun d'fheithiclí, cé go bhfuil seans ann go n-athrófar roinnt bealaí rochtana.

## 6.3 An Fhéidearthacht go bhFaighfí Codanna de Ghairdíní mar Éadáil

### Breithniúcháin:

Tá beagán spáis neamhúsáidte le fáil feadh an-chuid de na bóithre gnóthacha sa chathair agus, dá bharr sin, ní bheifear in ann ina lán cásanna freastal ar na lánaí bus agus na raonta rothar leis an leithead atá ar fáil. Chun an spás a theastaíonn a bhaint amach, beidh sé riachtanach, i roinnt áiteanna, codanna de spás gairdín de chuid tithe móide talamh os comhair réadmhaoine tráchtála a fháil mar éadáil chun go mbeifear in ann na saoráidí bus agus rothaíochta a sholáthar. I gcásanna ina mbeidh sé riachtanach é sin a dhéanamh, rachfar i mbun comhairliúcháin chuí agus i mbun teagmhála cuí le húinéirí réadmhaoine a d'fhéadfadh a bheith thíos leis. Níorbh eol an tionchar féideartha ar ghairdíní go dtí go bhforbrófar na bealaí deartha éiritheacha.

### Athdhearadh agus tírdhreachú maolaithe chun an laghdú i spás gairdín a chothromú:

I gcás go mbeidh tailte, amhail codanna de ghairdíní, á bhfáil mar éadáil le haghaidh leathnú – ceannóimid an chuid de ghairdíní tosaigh ó úinéirí réadmhaoine; cinnteoimid go ndéanfar tírdhreachú nua agus athchur nua ar na gairdíní agus tabharfaimid cúiteamh as an gcuid den ghairdín a cailleadh agus as an gcur isteach.

## 6.4 Chun siúl agus rothaíocht a éascú ar shlí níos fearr, laghdófar an líon Spásanna Páirceála ar an tSráid

### Breithniúcháin:

Ós rud é gur trí limistéir chónaithe agus ghnó atá na conairí beartaithe, beidh gá ann leis an méid páirceála ar an tsráid a laghdú chun freastal ar an leagan amach nua. Níorbh eol méid an laghdaithe sa líon spásanna páirceála ar an tsráid go dtí go ndearfar na roghanna bealaigh.

### Chun an laghdú sa líon spásanna páirceála ar an tsráid a fhritháireamh:

I gcás go gcaillfear spásanna páirceála agus go mbeidh sé cuí spásanna ionaid a sholáthar, féachfaimid le spásanna malartacha páirceála a sholáthar in aice láimhe, nuair is indéanta, do chónaitheoirí agus do ghnólachtaí.

## 6.5 Athchur crann chun baint fhéideartha roinnt crann atá ann cheana a fhritháireamh

### Breithniúcháin:

Faoi mar atá amhlaidh i gcás an ghá le roinnt codanna de ghairdíní tosaigh a bhaint agus le cosáin a mhionathrú, beidh gá ann freisin le roinnt crann a bhaint feadh conairí áirithe. A luaithe a fhorbrófar na dearaí tosaigh, beidh ag an gcéim Comhairliúcháin Phoiblí níos moille i mbliana mionsonraí agus faisnéis faoi láithreacha na gcrann agus na dtailte féideartha a mbeidh tionchar orthu.

### Clár Cuimsitheach Cuir Crann:

Déanfaidh an tÚdarás a dhícheall, áfach, a oiread

crann fásta agus is féidir a chothabháil. Ina theannta sin, i gcás gur gá crainn a bhaint ó limistéir cois bóthair agus ó chosáin, cuirfimid clár cuimsitheach athchuir i bhfeidhm. Bainfear úsáid sa chlár sin as crainn lánfhásta nó leathfhásta nuair is cuí agus, nuair is indéanta, cuirfear iad chomh gar agus is féidir do na láithreacha bunaidh. Cinnteoidh sé sin gurb amhlaidh, mar chuid den tionscadal, a athchuirfear crann nua i leith gach crainn a bhainfear.

## 6.6 Oibreacha Bóthair agus Láithreáin Tógála

### Breithniúcháin:

Is gá méid áirithe oibre tógála a dhéanamh chun bóithre a leathnú agus chun lánaí bus agus lánaí rothar a thógáil. Tochlófar na bóithre atá ann cheana, mar aon le codanna de ghairdíní agus de chosáin, nuair is gá. Déanfar athdhromchlú, athchur agus tírdhreachú agus leagfar colbhaí. Le linn na gcéimeanna tógála, beidh na láithreáin tógála ina láithreáin áitiúla agus bainisteofar iad de réir an bhóthair. Faoi mar atá amhlaidh i gcás aon láithreáin oibre agus aon oibreacha bóthair, beidh leibhéal áirithe torainn, deannaigh agus atreoruithe sealadacha tráchta ann.

### Aon éifeachtaí atá ag obair thógála a laghdú:

Beidh bainistíocht tráchta an-tábhachtach maidir leis an trácht a choinneáil ag gluaiseacht, agus a chinntiú







ag an am céanna go gcoinneofar rochtain áitiúil ar bun do dhaoine agus do sheachadtaí. De bhreis air sin, i gcás go mbainfear ballaí nó fálta príobháideacha agus poiblí, atógfaimid ballaí nua gairdín agus athsholáthróimid na fálta más rud é go ndearnadh difear do ghairdíní agus gur giorraíodh iad. I gcás go nglacfar ballaí agus fálta poiblí nó tráchtála, déanfar iad a atógáil agus a athsholáthar freisin.

## 6.7 Infheistiú in Athnuachan Uirbeach agus i Saoráidí do Choisithe a Mhéadú

Lorgóimid limistéir feadh na gconairí gnóthacha inar féidir feabhas a chur ar na spásanna áitiúla atá ann cheana agus ar an tírdhreachú atá ann cheana. Tá sé tábhachtach go dtapóimis an deis seo na nithe a bhainfear a athsholáthar agus feabhas a chur ar na limistéir áitiúla freisin. Chun déanamh amhlaidh, tabharfaimid tacaíocht d'fheabhsuithe a dhéanamh ar lárionaid uirbeacha agus do thimpeallachtaí áitiúla tarraingteacha a chruthú.

## 6.8 Fóraim Phobail

Bunófar sraith Fóram Pobail ar mhaithe le hidirchaidreamh a dhéanamh le daoine agus eagraíochtaí ar fud na cathrach de réir mar a dhéantar pleananna le haghaidh na gConairí Iompair Inbhuanaithe a fhorbairt agus a thabhairt chun críche agus de réir mar a dhéantar dul chun cinn orthu. Is é an aidhm atá leis an obair sin ná cumarsáidí dhá threo a chruthú le pobail áitiúla, rud a fhágann gur féidir faisnéis agus aiseolas a mhalartú ar shlí chaoithiúil chuimsitheach. Tá sé beartaithe go ndéanfaidh cathaoirleach neamhspleách cathaoirleacht ar chruinnithe na bhFóram Pobail agus go n-áireofar leo cumainn phobail, grúpaí sainleasa, eagraíochtaí gnó, ionadaithe don phobal áitiúil agus pearsana ón Údarás.



# 7. Amlíne

Ag teacht sna sála ar fhoilsiú na tuarascála seo, déanfaidh an tÚdarás, ag obair dó i gcomhar le Comhairle Cathrach Chorcaí, na roghanna sealadacha bealaigh atá leagtha amach sa doiciméad seo a chur i gcrích le haghaidh an 12 Chonair Iompair Inbhuanaithe, agus cuirfidh sé tús ansin le comhairliúchán poiblí tosaigh ar na tograí níos forbartha sa dara ráithe i mbliana.

## Comhairliúcháin atá le teacht

**2022**

### Ráithe 2 – Na Bealaí Roghnaithe Éiritheacha

Sa dara ráithe den bhliain 2022, seolfaidh an tÚdarás comhairliúchán tosaigh ar na Bealaí Roghnaithe Éiritheacha le haghaidh an 12 Chonair Iompair Inbhuanaithe. Is é a bheidh ansin ná comhairliúchán bonneagarlárnach ar na príomhchonairí iompair a cuireadh in áirithe go sealadach mar bhóithre ar a bhforbrófar saoráidí feabhsaithe tosaíochta bus agus raon rothar.

### Ráithe 2 – An Gréasán Bus Nua Deiridh

Foilseoidh an tÚdarás an Gréasán Bus Athdheartha Deiridh do Chorcaigh sa dara ráithe den bhliain 2022.

### Ráithe 4 – Na Roghanna Bealaigh Roghnaithe

Le linn na bliana 2022, déanfar na Bealaí Roghnaithe Éiritheacha a dhearadh tuilleadh ar bhonn an aiseolais a bhaileofar ó chéim an chomhairliúcháin tosaigh. A luaithe a chuirtear an t-aiseolas sin isteach sna dearaí, foilseofar na Roghanna Bealaí Roghnaithe le haghaidh an 12 Chonair Iompair Inbhuanaithe níos moille i mbliana. Seolfar babhta comhairliúcháin sa bhreis ar na dearaí leasaithe sin agus bainfear leas as an aiseolas chun na Conairí Iompair Inbhuanaithe Deiridh a mhúnlú.

# 8. Na Chéad Chéimeanna Eile

Sa Tuarascáil seo, tugtar an t-eolas is deireanaí ar BusConnects Chorcaí agus ar an obair thosaigh atá á déanamh ar an mbonneagar lánaí bus agus lánaí rothar a phleanáil. I dtaca leis na conairí aonair, táthar ag leanúint leis an obair ar roghanna a mheasúnú agus ar thograí a fhorbairt, ar tograí iad a fhoilseofar le haghaidh babhta tosaigh comhairliúcháin sa dara ráithe den bhliain seo. Dá réir sin, beidh fáil ar fhaisnéis níos mine faoi na conairí aonair ag an gcéim comhairliúcháin níos déanaí sin.

## Chun an t-eolas is deireanaí ar an tionscadal a fháil go tráthrialta, téigh chuig

**busconnects.ie/busconnects-cork**

## Chun ceisteanna ginearálta a chur, seol ríomhphost chuig

**corkcbc@busconnects.ie**

Saorfhón **1800 303 653**

BusConnects Chorcaí
An tÚdarás Náisiúnta Iompair,
Dún Scéine, Cúirt Uíbh Eachach,
Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2,
D02 WT20





# Conair A – Dún Citil go dtí an Chathair

## Eochairfhíricí

- Fad an bhealaigh: **5.0 km**
- Fad an rotharbhealaigh: **5.0 km**
- An t-aga turais bhus faoi láthair: **suas go dtí 29 nóiméad**
- Aga turais BusConnects Chorcaí: **13 nóiméad**
- An t-aga turais bus sa todhchaí in éagmais BusConnects Chorcaí: **35 nóiméad**


## Breithniúcháin

- Chun rothaíocht agus siúl a éascú, d'fhéadfadh go laghdófaí an líon spásanna páirceála ar an tsráid
- Chun soláthar a dhéanamh don iompar inbhuanaithe agus do shaoráidí do choisithe, déanfar athruithe ar an tsreabh tráchta ghinearálta agus ar an méid spáis leithdháilte


## Athruithe chun feabhas a chur ar an soláthar don iompar inbhuanaithe

- D'fhágfadh leithid theoranta i roinnt limistéar go gcuirfí rothaithe ar mhalairt slí as líne sula rachadh siad isteach ar an gConair Iompair Inbhuanaithe an athuair.
- Thógfaí rotharbhealach nua trí na Dugaí Thuaidh freisin chun an chuid is srianta de Bhóthar Ghleann Maghair Íochtarach a sheachaint.

Conair Iompair Inbhuanaithe
Saoráidí Malartacha Rothaíochta



# Conair B – Baile na mBocht go dtí an Chathair




## Eochairfhíricí

- Fad an bhealaigh: **3.5 km**
- Fad an rotharbhealaigh: **3.5 km**
- An t-aga turais bhus faoi láthair: **suas go dtí 32 nóiméad**
- Aga turais BusConnects Chorcaí: **15 nóiméad**
- An t-aga turais bus sa todhchaí in éagmais BusConnects Chorcaí: **38 nóiméad**

## Breithniúcháin

- Is féidir go mbeidh athdhearadh agus tírdhreachú maolaithe ag teastáil chun an laghdú féideartha i spás gairdín a chothromú
- Chun rothaíocht agus siúl a éascú, d'fhéadfadh go laghdófaí an líon spásanna páirceála ar an tsráid
- Gluaiseachtaí tráchta a athshocrú
- Clár cuimsitheach athchuir crann chun baint fhéideartha roinnt crann atá ann cheana a fhritháireamh

## Athruithe chun feabhas a chur ar an soláthar don iompar inbhuanaithe

- Tá sé beartaithe an tréthrácht a bhaint ó Sheanbhóthar Eochaille, a fhágfaidh nach mbeidh ach rochtain amháin ag an trácht ginearálta, trí gheataí bus a chur chun feidhme (codanna gearra de bhóithre do bhusanna/rothair amháin). Is é an toradh a bheidh air sin go laghdófar méideanna tráchta ar an tsráid seo, rud lena gcuirfear ar chumas busanna gluaiseacht go saor.
- D'fhágfadh leithid theoranta i roinnt limistéar go gcuirfí rothaithe ar mhalairt slí trí chuid as líne trí Bhóthar Wellington agus Cnoc Ghairdinéir agus trí Pháirc Í agus Ascaill Cholm Cille.
- Nascfaidh an chonair leis na hoibreacha atá á gcur chun feidhme faoi láthair ar Shráid Mhic Curtáin.
- Is an-srianta atá Bóthar Bhaile Átha hÚlla agus Cnoc an tSamhraidh agus teastóidh bearta bainistíochta tráchta uathu chun tosaíocht bus a bhaint amach.

Conair Iompair Inbhuanaithe ······ Saoráidí Malartacha Rothaíochta

# Conair C – An Linn Dubh go dtí an Chathair

## Eochairfhíricí


- Fad an bhealaigh: **2.2 km**
- Fad an rotharbhealaigh: **1.4 km**
- An t-aga turais bhus faoi láthair: **suas go dtí 24 nóiméad**
- Aga turais BusConnects Chorcaí: **10 nóiméad**
- An t-aga turais bus sa todhchaí in éagmais BusConnects Chorcaí: **29 nóiméad**

## Breithniúcháin

- Chun rothaíocht agus siúl a éascú, d'fhéadfadh go laghdófaí an líon spásanna páirceála ar an tsráid
- Gluaiseachtaí tráchta a athshocrú
- Clár cuimsitheach athchuir crann chun baint fhéideartha roinnt crann atá ann cheana a fhritháireamh

## Athruithe chun feabhas a chur ar an soláthar don iompar inbhuanaithe

- Tá sé beartaithe an tréthrácht a bhaint ó Bhóthar Chúrsa an Uisce (idir Siúlán na hArdeaglaise agus Sráid Uí Chonaill), a fhágfaidh nach mbeidh ach rochtain amháin ag an trácht ginearálta, trí gheataí bus a úsáid (codanna gearra de bhóithre do bhusanna/rothair amháin). Is é an toradh a bheidh air sin ná go gcuirfear ar chumas busanna gluaiseacht go saor tríd an gcuid seo den bhealach.
- De bharr srianta leithid ar Shráid Thomáis Dáibhis/Sráid Bhaile Átha Cliath, tá sé beartaithe an bealach seo a thiontú ina ghluaiseacht aontreo amach le haghaidh an tráchta ghinearálta trí gheata bus isteach a bheidh lonnaithe ar an taobh theas de Lána an Tobair.
- Nascfaidh an chonair leis na hoibreacha atá á gcur chun feidhme faoi láthair ar Shráid Liatroma, ar Shráid Devonshire agus ar Shráid Coburg.




Conair Iompair Inbhuanaithe ...... Saoráidí Malartacha Rothaíochta

# Conair D – Cnoc an Chuilinn go dtí an Chathair




## Eochairfhíricí

- Fad an bhealaigh: **3.9 km**
- Fad an rotharbhealaigh: **3.9 km**
- An t-aga turais bhus faoi láthair: **suas go dtí 29 nóiméad**
- Aga turais BusConnects Chorcaí: ó **16 nóiméad**
- An t-aga turais bus sa todhchaí in éagmais BusConnects Chorcaí: **35 nóiméad**

## Breithniúcháin

- Is féidir go mbeidh athdhearadh agus tírdhreachú maolaithe ag teastáil chun an laghdú féideartha i spás gairdín a chothromú
- Chun rothaíocht agus siúl a éascú, d'fhéadfadh go laghdófaí an líon spásanna páirceála ar an tsráid
- Gluaiseachtaí tráchta a athshocrú
- Clár cuimsitheach athchuir crann chun baint fhéideartha roinnt crann atá ann cheana a fhritháireamh

## Athruithe chun feabhas a chur ar an soláthar don iompar inbhuanaithe

- Tá sé beartaithe an tréthrácht a bhaint ó Bhóthar na hArdeaglaise, a fhágfaidh nach mbeidh ach rochtain amháin ag an trácht ginearálta, trí gheataí bus a úsáid (codanna gearra de bhóithre do bhusanna/rothair amháin). Is é an toradh a bheidh air sin go laghdófar méideanna tráchta ar an tsráid seo, rud lena gcuirfear ar chumas busanna gluaiseacht go saor tríd an gcuid seo den bhealach.
- Tá sé beartaithe go n-úsáidfeadh rothaithe Cearnóg an Chnapaigh agus Bóthar Chúrsa an Uisce mar shráideanna a thacaíonn le rothaithe.
- Nascfaidh an chonair leis na hoibreacha atá á gcur chun feidhme faoi láthair ar Bhóthar Uí Mhaolchraoibhe.

Conair Iompair Inbhuanaithe

Saoráidí Malartacha Rothaíochta

# Conair E – Baile an Chollaigh go dtí an Chathair

## Eochairfhíricí

- Fad an bhealaigh: **11 km**
- Fad an rotharbhealaigh: **10.5 km**
- An t-aga turais bhus faoi láthair: **suas go dtí 56 nóiméad**
- Aga turais BusConnects Chorcaí: **35 nóiméad**
- An t-aga turais bus sa todhchaí in éagmais BusConnects Chorcaí: **67 nóiméad**


## Breithniúcháin

- Chun rothaíocht agus siúl a éascú, d'fhéadfadh go laghdófaí an líon spásanna páirceála ar an tsráid
- Chun soláthar a dhéanamh don iompar inbhuanaithe agus do shaoráidí do choisithe, déanfar athruithe ar an tsreabh tráchta ghinearálta agus ar an méid spáis leithdháilte
- Clár cuimsitheach athchuir crann chun baint fhéideartha roinnt crann atá ann cheana a fhritháireamh
- Is féidir go mbeidh athdhearadh agus tírdhreachú maolaithe ag teastáil chun an laghdú féideartha i spás gairdín a chothromú
- D'fhéadfadh go bhfaighfí foirgnimh mar éadáil


## Athruithe chun feabhas a chur ar an soláthar don iompar inbhuanaithe

- Tá sé beartaithe geata bus (cuid ghearr de bhóthar do bhusanna/rothair amháin) a thabhairt isteach i Lár Baile Bhaile an Chollaigh chun méid suntasach tosaíochta bus a chinntiú agus chun go mbeifear in ann saoráidí tiomnaithe rothaíochta a sholáthar.
- Tá sé beartaithe rothaithe a ródú trí Bhóthar Chrois Victoria, trí Bhóthar an Iarthair agus trí Shiúlán na Muirdíge (go Bandfield) agus tá sé beartaithe geataí bus atá suite go straitéiseach a thabhairt isteach ar Bhóthar an Choláiste chun tréthrácht neamhriachtanach a laghdú.
- Uasghrádú suntasach acomhail ag Timpeallán Phollmhóna.

Conair Iompair Inbhuanaithe ······ Saoráidí Malartacha Rothaíochta



# Conair F – Baile an Easpaig go dtí an Chathair




## Eochairfhíricí

- Fad an bhealaigh: **5.3 km**
- Fad an rotharbhealaigh: **5 km**
- An t-aga turais bhus faoi láthair: **suas go dtí 35 nóiméad**
- Aga turais BusConnects Chorcaí: **19 nóiméad**
- An t-aga turais bus sa todhchaí in éagmais BusConnects Chorcaí: **42 nóiméad**

## Breithniúcháin

- Chun rothaíocht agus siúl a éascú, d'fhéadfadh go laghdófaí an líon spásanna páirceála ar an tsráid
- Chun soláthar a dhéanamh don iompar inbhuanaithe agus do shaoráidí do choisithe, déanfar athruithe ar an tsreabh tráchta ghinearálta agus ar an méid spáis leithdháilte
- Clár cuimsitheach athchuir crann chun baint fhéideartha roinnt crann atá ann cheana a fhritháireamh
- Is féidir go mbeidh athdhearadh agus tírdhreachú maolaithe ag teastáil chun an laghdú féideartha i spás gairdín a chothromú

## Athruithe chun feabhas a chur ar an soláthar don iompar inbhuanaithe

- Feadh Bhóthar Wilton (idir Timpeallán Wilton agus Crois Uí Dhuineacha), tá sé beartaithe rothaithe a ródú trí shaoráid chomhthreomhar ar an taobh thoir de Bhóthar Wilton ar feadh sciar den chuid seo.
- Feadh Bhóthar an Iarthair, tá sé beartaithe rothaithe a ródú trí Shiúlán na Muirdíge (a fheidhmeoidh mar bhealach ciúin).
- Tá sé beartaithe Sráid Washington agus Cé Lancaster a thiontú ina mbealach dhá threo do bhusanna agus do rothaithe, lena n-áirítear freastal ar rochtain don trácht áitiúil amháin; agus tá sé beartaithe freastal ar thrácht ginearálta dhá threo ar Pharáid na Díge agus ar Shráid na Síorach (chomh fada le Sráid Theach na Cúirte).
- Tá sé beartaithe uasghráduithe acomhail a dhéanamh ag an acomhal idir Bóthar Bhaile an Easpaig agus Bóthar an Churraichín agus ag an mbealach isteach go hOspidéal Ollscoile Chorcaí. Tá sé beartaithe Timpeallán Wilton a thiontú ina acomhal lena ngabhann comharthaí.

Conair Iompair Inbhuanaithe
Saoráidí Malartacha Rothaíochta

# Conair G – An Tóchar go dtí an Chathair

## Eochairfhíricí

- Fad an bhealaigh: **1.8 km**
- Fad an rotharbhealaigh: **1.8 km**
- An t-aga turais bus faoi láthair: suas go dtí **16 nóiméad** (*bunaithe ar sheirbhísí reatha bus ar Bhóthar an Locha in ionad Bhóthar Pholl an Duibh)
- Aga turais BusConnects Chorcaí: **9 nóiméad**
- An t-aga turais bus sa todhchaí in éagmais BusConnects Chorcaí: **19 nóiméad**

## Breithniúcháin

- Chun rothaíocht agus siúl a éascú, d'fhéadfadh go laghdófaí an líon spásanna páirceála ar an tsráid
- Chun soláthar a dhéanamh don iompar inbhuanaithe agus do shaoráidí do choisithe, déanfar athruithe ar an tsreabh tráchta ghinearálta agus ar an méid spáis leithdháilte
- Clár cuimsitheach athchuir crann chun baint fhéideartha roinnt crann atá ann cheana a fhritháireamh
- Is féidir go mbeidh athdhearadh agus tírdhreachú maolaithe ag teastáil chun an laghdú féideartha i spás gairdín a chothromú


## Athruithe chun feabhas a chur ar an soláthar don iompar inbhuanaithe

- Chun saoráidí rothaíochta a sholáthar ar Bhóthar an Locha, beidh sé riachtanach codanna den spás páirceála ar an tsráid a bhaint agus bainistíocht tráchta a dhéanamh.
- Na crainn atá ann cóngarach don Loch, a fhágann go mbeidh sé riachtanach srianta tráchta a thabhairt isteach ag an taobh thuaidh de.
- Tosaíocht thiomnaithe bus a sholáthar ar Bhóthar an Phiarsaigh, ar Bhóthar Pholl an Duibh, ar Bhóthar Uí Nuanáin agus ar Bhóthar Mhic Gréagair.
- De bharr an tionchair fhéideartha ar fhoirgnimh stairiúla in aice láimhe ar Shráid Sharman Crawford, tá sé beartaithe rothaithe isteach a ródú trí Ché Proby agus tríd an bPríomhshráid Theas agus rothaithe amach a ródú trí Fhaiche an Chrosaigh agus trí Ché Proby.
  Tá sé beartaithe busanna isteach a ródú trí Shráid Sharman Crawford/ Dhroichead Fhionnbharra, agus tá sé beartaithe busanna amach a ródú tríd an bPríomhshráid Theas/Ché Proby.

Conair Iompair Inbhuanaithe ······· Saoráidí Malartacha Rothaíochta



# Conair H – Bóthar an Aerfoirt go dtí an Chathair




## Eochairfhíricí

- Fad an bhealaigh: **5.0 km**
- Fad an rotharbhealaigh: **4.3 km**
- Níl fáil ar an aga turais bus faoi láthair toisc nach ann d'aon bhealach reatha lena bhfreastalaítear ar an gceantar
- Aga turais BusConnects Chorcaí: **17 nóiméad**

## Breithniúcháin

- Chun rothaíocht agus siúl a éascú, d'fhéadfadh go laghdófaí an líon spásanna páirceála ar an tsráid
- Chun soláthar a dhéanamh don iompar inbhuanaithe agus do shaoráidí do choisithe, déanfar athruithe ar an tsreabh tráchta ghinearálta agus ar an méid spáis leithdháilte
- Clár cuimsitheach athchuir crann chun baint fhéideartha roinnt crann atá ann cheana a fhritháireamh
- Is féidir go mbeidh athdhearadh agus tírdhreachú maolaithe ag teastáil chun an laghdú féideartha i spás gairdín a chothromú
- D'fhéadfadh go bhfaighfí foirgnimh mar éadáil

## Athruithe chun feabhas a chur ar an soláthar don iompar inbhuanaithe

- Chun tosaíocht bus a sholáthar ar an N27/an Nascbhóthar Theas, beidh sé riachtanach lánaí atá ann cheana a athainmniú nó, de rogha air sin, cuid den bhealach a leathnú.
- Chun tosaíocht bus a bhaint amach ar Sheanbhóthar Chionn tSáile, beidh sé riachtanach srianta tráchta a thabhairt isteach ar an mbealach amach ó Mhór-Acomhal Chionn tSáile.
- Chun saoráidí rothaíochta a sholáthar ar an tSráid Síorghlas, ar Bhóthar na hOtharlainne agus ar Rae Langford, beidh sé riachtanach cuid den spás páirceála ar an tsráid atá ann cheana a bhaint.
- Tá sé beartaithe gluaiseachtaí bus dhá threo a éascú ar Phlás Parnell agus ar Shráid Anglesea.

Conair Iompair Inbhuanaithe ······ Saoráidí Malartacha Rothaíochta

# Conair I – Cnoc Maryborough go dtí an Chathair

## Eochairfhíricí

- Fad an bhealaigh: **4.3 km**
- Fad an rotharbhealaigh: **4.3 km**
- An t-aga turais bhus faoi láthair: **suas go dtí 33 nóiméad**
- Aga turais BusConnects Chorcaí: **14 nóiméad**
- An t-aga turais bus sa todhchaí in éagmais BusConnects Chorcaí: **40 nóiméad**


## Breithniúcháin

- Chun rothaíocht agus siúl a éascú, d'fhéadfadh go laghdófaí an líon spásanna páirceála ar an tsráid
- Clár cuimsitheach athchuir crann chun baint fhéideartha roinnt crann atá ann cheana a fhritháireamh
- Srianta tráchta
- Is féidir go mbeidh athdhearadh agus tírdhreachú maolaithe ag teastáil chun an laghdú féideartha i spás gairdín a chothromú


## Athruithe chun feabhas a chur ar an soláthar don iompar inbhuanaithe

- Chun lánaí bus agus rothar a sholáthar sa dá threo ar Bhóthar Dhúglais, tá sé beartaithe go dtiontófaí an bóthar seo ina bhealach aontreo amach amháin don trácht ginearálta. Bheadh ar an trácht isteach bealaí eile a úsáid.
- De bharr srianta leithid ar an mBóthar Theas, tá sé beartaithe rothaithe a athródú tríd an tSráid Ard agus trí Rae Langford. Thiontófaí an tSráid Ard agus Bóthar Thobar an Chaipín ina mbealaí nach mbeidh ach rochtain amháin ag an trácht ginearálta orthu chun an tréthrácht a laghdú agus chun daoine a spreagadh iad a úsáid mar shráideanna a thacaíonn le rothaithe.
- Tá sé beartaithe Dúglas Thoir a theorannú go rochtain áitiúil amháin trí gheataí bus a úsáid. Tá sé beartaithe Timpeallán na Méire Eolais a thiontú ina acomhal lena ngabhann comharthaí.

Conair Iompair Inbhuanaithe     Saoráidí Malartacha Rothaíochta



# Conair J – Machain go dtí an Chathair




## Eochairfhíricí

- Fad an bhealaigh: **7.6 km**
- Fad an rotharbhealaigh: **7.1 km**
- An t-aga turais bhus faoi láthair: **suas go dtí 30 nóiméad**
- Aga turais BusConnects Chorcaí: **17 nóiméad**
- An t-aga turais bus sa todhchaí in éagmais BusConnects Chorcaí: **36 nóiméad**

## Breithniúcháin

- Chun rothaíocht agus siúl a éascú, d'fhéadfadh go laghdófaí an líon spásanna páirceála ar an tsráid
- Clár cuimsitheach athchuir crann chun baint fhéideartha roinnt crann atá ann cheana a fhritháireamh
- Srianta tráchta
- Is féidir go mbeidh athdhearadh agus tírdhreachú maolaithe ag teastáil chun an laghdú féideartha i spás gairdín a chothromú

## Athruithe chun feabhas a chur ar an soláthar don iompar inbhuanaithe

- Tá sé beartaithe geataí bus (codanna gearra de bhóithre do bhusanna/rothair amháin) a thabhairt isteach ar Ascaill Rennes, a fhágfaidh nach mbeidh ach rochtain amháin ag an trácht ginearálta ar an mbóthar sin. Fágann sé sin go mbeidh busanna in ann gluaiseacht go saor agus go mbeidh spás ann chun saoráidí rothaíochta a sholáthar.
- Tá droichid nua coisithe agus rothaithe le tógáil ar an dá thaobh de thardhroichead an N40 láimh le hOileán Iacóib.

Conair Iompair Inbhuanaithe ······ Saoráidí Malartacha Rothaíochta

# Conair K – Bóthar Chionn tSáile go Dúglas agus Rotharbhealach Bhóthar an Tobair

## Eochairfhíricí

- Fad an bhealaigh: **5.7 km**
- Fad an rotharbhealaigh: **4.8 km**
- An t-aga turais bhus faoi láthair: **suas go dtí 25 nóiméad**
- Aga turais BusConnects Chorcaí: **15 nóiméad**
- An t-aga turais bus sa todhchaí in éagmais BusConnects Chorcaí: **30 nóiméad**


## Breithniúcháin

- Is féidir go mbeidh athdhearadh agus tírdhreachú maolaithe ag teastáil chun an laghdú féideartha i spás gairdín a chothromú
- Clár cuimsitheach athchuir crann chun baint fhéideartha roinnt crann atá ann cheana a fhritháireamh
- Chun rothaíocht agus siúl a éascú, d'fhéadfadh go laghdófaí an líon spásanna páirceála ar an tsráid


## Athruithe chun feabhas a chur ar an soláthar don iompar inbhuanaithe

- Tá sé beartaithe droichead nua a thógáil chun Bóthar na Gráinsí a nascadh chuig Bóthar Charraig Uí Leighin trí Ghleann Mangala.
- Beidh sé riachtanach tuilleadh oibre a dhéanamh chun Bóthar Bhaile Uí Chuirrín, Bóthar na Gráinsí agus Bóthar Charraig Uí Leighin a leathnú.
- De bharr srianta leithid, tá sé beartaithe rotharbhealach 'ciúinbhealaigh' a thabhairt isteach feadh Halla Dhúglais agus feadh Bhruach na hAbhann.

Conair Iompair Inbhuanaithe ······ Saoráidí Malartacha Rothaíochta



# Conair L – Tobar Rí an Domhnaigh go Cnoc an Chuilinn




## Eochairfhíricí

- Fad an bhealaigh: **2.5 km**
- Fad an rotharbhealaigh: **2.5 km**
- An t-aga turais bhus faoi láthair: **suas go dtí 34 nóiméad**
- Aga turais BusConnects Chorcaí: **12 nóiméad**
- An t-aga turais bus sa todhchaí in éagmais BusConnects Chorcaí: **41 nóiméad**

## Breithniúcháin

- Is féidir go mbeidh athdhearadh agus tírdhreachú maolaithe ag teastáil chun an laghdú féideartha i spás gairdín a chothromú
- Clár cuimsitheach athchuir crann chun baint fhéideartha roinnt crann atá ann cheana a fhritháireamh
- Chun rothaíocht agus siúl a éascú, d'fhéadfadh go laghdófaí an líon spásanna páirceála ar an tsráid

## Athruithe chun feabhas a chur ar an soláthar don iompar inbhuanaithe

- Tá srianta fisiciúla ag Bóthar na Seanchoille agus ag Tobar Rí an Domhnaigh agus, dá bhrí sin, ní féidir lánaí tiomnaithe bus a sholáthar. Tabharfar tosaíocht do bhusanna trí chomharthaí tráchta.
- Is é atá i gceist leis an rotharbhealach ná nascadh ó Thobar Rí an Domhnaigh chuig Bóthar na Seanchoille tríd an láithreán forbartha cónaithe láimh le hOspidéal Chaoimhín, rud lena soláthrófar grádán níos fearr do rothaithe agus lena seachnófar na codanna is srianta de Thobar Rí an Domhnaigh agus de Bhóthar na Seanchoille. Áirítear leis an nascacht do choisithe droichead nua thar an Laoi a sholáthar cóngarach do Thailte Spóirt na Muirdíge.

Conair Iompair Inbhuanaithe ······ Saoráidí Malartacha Rothaíochta

NTA

Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

An tÚdarás Náisiúnta Iompair
Dún Scéine
Lána Fhearchair
Baile Átha Cliath 2
D02 WT20

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland 2040